



Tuarascáil agus Cuntais

AN CHISTE CARBÓIN 2010



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH NOLLAIG 2010





Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

30 Meitheamh 2011

An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1

A Aire, a chara,

Is mór an onóir dom é Tuarascáil agus Cuntais an Chiste Carbóin don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2010 a chur chugat.

Mise, le meas,

John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach





Clár Ábhair

Creat Dlíthiúil	4
Cúlra Phrótacal Kyoto	5
Oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto	6
An tAontas Eorpach agus Prótacal Kyoto	7
Straitéis na hÉireann maidir le Prótacal Kyoto a Chomhlíonadh	9
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2009	10
Meicníochtaí Solúbtha	11
An Margadh de réir Aonad Solúbtha Meicníochta	12
Maoiniú le haghaidh Ceannach Creidmheasanna Carbóin	13
Infheistíochtaí ag Éire	14
Aguisín 1	16
Aguisín 2	17
Gluais na dTearmaí	20
Ráitis Airgeadais	23

Creat Dlíthiúil

Faoi théarmaí Phrótacail Kyoto, tá gealltanais déanta ag Éire a cuid meán-astaíochtaí bliantúla gás ceaptha teasa a theorannú sa tréimhse 2008-2012 go huasmhéid de 13 faoin gcéad níos mó ná an leibhéal astaíochtaí i 1990. Tá straitéis na hÉireann i leith gnóthú na sprice seo leagtha amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* arna foilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Áirítear sa straitéis creidmheasanna carbóin a cheannach i leith laghdúithe astaíochtaí a baineadh amach in áit eile chun cúiteamh a dhéanamh d'aon astaíochtaí in Éirinn atá sa bhreis ar a cuid teorainneacha Kyoto. Measadh go gcaithfeadh an Rialtas creidmheasanna carbóin a cheannach don 3.6 milliúin tona d'astaíochtaí farasbairr maidir le gach bliain den tréimhse 2008-2012. I ndiaidh an mheatha tapa agus troim a tháinig ar dhálaí geilleagracha agus an ráta fáis níos ísle a raibh súil leis i ngeilleagar na hÉireann le linn na tréimhse seo, tá laghdú suntasach tagtha ar an riachtanas measta chun creidmheasanna a cheannach.

Bhunaigh an tAcht um an gCiste Carbóin 2007 an Ciste Carbóin chun creidmheasanna carbóin a cheannach agus tarmligeadh bainistíocht an chiste do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, atá tar éis bheith ainmnithe freisin mar ghníomhaire ceannaigh le haghaidh gnóthú na gcreidmheasanna seo. Tagraítear do chreidmheasanna carbóin sa reachtaíocht mar Aonaid Kyoto.

Sonraíonn Alt 6 den Acht um an gCiste Carbóin an méid seo a leanas: *"A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid na Ghníomhaireachta [Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta], tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil don Aire [Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil] faoina gníomhaíochtaí i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá tarmlichte di faoin Acht seo le linn na bliana lena mbaineann agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas."*

Is é seo an ceathrú tuarascáil don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Acht, agus clúdaíonn sí an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Cúlra Phrótacal Kyoto

I gcomhthéacs na himní méadaíthí atá ann maidir leis an tionchar atá ag gníomhaíocht an duine ar an gcomhshaol, bhunaigh na Náisiúin Aontaithe an **Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)** agus an **Eagraíocht Mheitéareolaíoch Dhomhanda (WMO)** i 1988. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, deimhníodh sa *Chéad Tuarascáil Measúnaithe* de chuid an IPCC an bunús eolaíoch a bhí leis an imní faoi athrú aeráide. Rinne tuarascálacha ina dhiaidh sin forbairt ar seo, agus ba í an chonclúid a bhí leis an *gCeathrú Tuarascáil Measúnaithe* in 2007 ná go bhfuil téamh an chórais aeráide “aonchiallach”.

Tógadh céim mhór chun cinn i dtabhairt aghaidh ar na hábhair imní maidir leis an aeráid domhanda nuair a thángthas ar chomhaontú ar **Chreat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide** ag comhdháil na Náisiúin Aontaithe a reáchtáladh i Rio de Janeiro i 1992. Dhaingnigh 194 tír an Coinbhinsiún seo ina dhiaidh sin¹. De réir an Choinbhinsiúin, bhíothas ag súil go mbeadh na tíortha tionsclaithe ar thús cadhnaíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa² a laghdú go dtí na leibhéil a bhí ann i 1990. Ní raibh na tiomantais a bhí déanta ag na tíortha tionsclaithe ina gceangal dlí, áfach. Breathnaíodh ar seo mar laige, agus beartaíodh dá réir sin gur cheart prótacal a chur leis an gcoinbhinsiún ina mbeadh tiomantais níos déine a bheadh ina gceangal dlí chun astaíochtaí a laghdú. Cuireadh tús le hidirbheartaíochtaí maidir leis an bPrótacal i 1995 agus glacadh leis an **bPrótacal a ghabhann leis an gCreat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide** i 1997 ag Comhdháil Aeráide na Náisiúin Aontaithe i Kyoto na Seapáine. Clúdaíonn **Prótacal Kyoto**, mar a thugtar air go coitianta, an tréimhse 2008-2012. Cé gur chéim mhór chun cinn ba ea Prótacal Kyoto, agus cé gur dhaingnigh 192 tír é (gan SAM a áireamh), lean idirbheartaíochtaí i dtreo conradh níos cuimsithí a fhorbairt. Ag an gComhdháil Aeráide i Bali in 2007, thángthas ar chomhaontú maidir le téarmaí chun dul i mbun idirbheartaíochta ar chonradh breise. Cuireadh dlús leis an méid oibre a bhí á dhéanamh mar ullmhúchán dó seo i rith 2008, go háirithe ag **Comhdháil na bPáirtithe (COP)**

ag an 14 seisiún a reáchtáladh i Poznań na Polainne i mí na Nollag 2008 agus tríd na **Cainteanna ar an Athrú Aeráide** i Márta agus i Meitheamh na bliana 2009 i Bonn na Gearmáine. Cúis diomá ba ea COP Chóbanhávan a reáchtáladh i Nollaig 2009 áfach, de bharr nár thángthas ar chomhaontú maidir le conradh cuimsitheach le cur in ionad Phrótacal Kyoto in 2012. Ba é an toradh a bhí ar Chóbanhávan ná dearbhú polaitiúil neamhcheangailteach ar theip air comhaontú a bhaint amach, agus d’easaontaigh roinnt tíortha. Leanadh d’iarrachtaí diana ó shin i leith agus thángthas ar chomhaontú maidir le bearta suntasacha ag an COP 16 i Cancun d’fhonn cuidiú le náisiúin i mbéal forbartha dul i ngleic leis an Athrú aeráide ach go dtí seo tá comhaontú ar chonradh ginearálta le chur in ionad Kyoto do-aimsithe.

Bhí sé beartaithe ag an Aonta Eorpach cheana féin go socródh sé spriocanna uailmhianacha don tréimhse iar-2012 agus tá tiomantas aontaobhach déanta aige a chuid astaíochtaí féin a laghdú faoi 20 faoin gcéad ar a laghad i gcomparáid le leibhéil na bliana 1990 faoin mbliain 2020. Tháinig “Pacáiste um Fhuinneamh agus Athrú Aeráide” de chuid Coimisiún an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm i Meitheamh 2009. Leagann an “Cinneadh um Chomhroinnt Díchill”, ceann de cheithre píosa comhlántach reachtaíochta faoin “bpacáiste”, amach sprioc ceangailteach d’Éirinn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa neamh-ETS³ a laghdú faoi 20% i gcoibhneas le leibhéil na bliana 2005 sa tréimhse go dtí 2020.

Meastar go mbeidh astaíochtaí iomlána neamh-ETS na hÉireann cothrom le 4.1-8.8 Mt⁴ de CO₂e os cionn na sprice sa bhliain 2020, in éagmais linnte foraoise.⁵ Leanann an díospóireacht ar aghaidh maidir le húsáid seach-chur de bharr talamhúsáide, athraithe ar thalamhúsáid agus foraoiseachta (LULUCF) agus tá an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh i rith 2011 a dhéileálfaidh le conas is fearr foinsí agus linnte san earnáil seo a chomhtháthú sa struchtúr cuntasáíochta atá ann cheana. D’fhéadfadh go dtarlódh an t-athrú seo i gcomhthéacs sprice laghduithe de 30%.

- 1 I Márta 2011, ba í Andóra an tír is déanaí chun an Coinbhinsiún a dhaingniú
- 2 Is í Dé-ocsaíd Charbóin (CO₂) an gás ceaptha teasa is coitianta agus úsáidtear tona CO₂ mar an aonad coitianta tomhais. Tomhaistear astaíochtaí de gháis cheaptha teasa eile mar choibhéisí na dé-ocsaíde carbóin i dtéarmaí a bPoitéinsil Téimh Dhomhanda (GWP) thar thréimhse 100 bliain. Tá GWP de 1 ag CO₂ de réir sainmhíneithe. Tá liosta thíos de GWPanna na bpríomhchineálacha gáis:

	GWP-100
Dé-ocsaíd charbóin (CO ₂)	1
Meatán (CH ₄)	21
Ocsaíd Nítríúil (N ₂ O)	310
Hidreafluoracarbóin (HFCanna)	150 – 11,700
Sárfluoracarbóin (PFCanna)	6,500 – 9,200
Heicseafluairíd Sulfair (SF ₆)	23,900

- 3 Féach leathanach 7 chun míniú a fháil ar earnálacha ETS agus neamh-ETS.
- 4 Tá na réamh-mheastacháin bunaithe ar réamhaisnéisí fuinnimh 2010 de chuid Udarás Fuinnimh Imharthana na hÉireann (SEAI) agus tá na réamhaisnéisí seo bunaithe ar réamhaisnéisí eacnamaíochta an ESRI atá foilsithe in “Recovery Scenarios for Ireland: An Update” (2010). Chuir an ESRI roinnt cásanna chun cinn agus bhain an SEAI úsáid as an gcás “Fás Íseal” mar bhonn dá chuid réamhaisnéisí. Más rud é go sáraíonn feidhmiú eacnamaíoch an cás um fhás íseal, d’fhéadfadh go mbeadh gá an fad atá de bhreis ar an sprioc réamh-mheasta a athmheas in airde.
- 5 Ionsúnn foraoiseacha CO₂ agus dá bhrí sin dá mhéadófaí foraoiseacht, laghdófaí an méid carbóin a astaítear san atmaisféar. Tá mórán díospóireacht déanta, áfach, ar ríomh an seach-chuir arna sholáthar ag foraoiseacht.

Oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto

Tis í an ghné is suntasaí faoi Phrótacal Kyoto, i gcomparáid leis an gCreat-Choinbhinsiún bunaidh, ná cé gur spreag an Coinbhinsiún laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, tá spriocanna éigeantacha ag an bPrótacal chun na hastaíochtaí seo a laghdú sna geilleagair is mó ar domhan. Tugtar tíortha larscríbhíne B ar na príomhthíortha tionsclaithe agus ar thíortha an iar-bhloic Shóivéadigh

atá i mbun aistrithe go geilleagar margaidh.⁶ Bíonn na spriocanna sa réimse ó laghduithe 8 faoin gcéad go méaduithe 10 faoin gcéad ar leibhéil astaíochtaí na bliana 1990, agus í mar aidhm astaíochtaí foriomlána a laghdú 5 faoin gcéad faoi bhun leibhéil na bliana 1990. Is í tréimhse ghealltanais na laghduithe seo 2008-2012.

Spriocanna Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa de réir Kyoto

Tír	Sprioc do 2008-2012 trí thagairt do leibhéil na bliana 1990
AE-15 ⁷ , an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Monacó, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Eilvéis	-8%
SA ⁸	-7%
Ceanada, an Ungáir, an tSeapáin agus an Pholainn	-6%
An Chróit	-5%
An Nua-Shéalainn, Cónaidhm na Rúise agus an Úcráin	0
An Iorua	+1%
An Astráil	+8%
An Íoslainn	+10%

6 Is ionann tíortha larscríbhíne B agus na tíortha sin a liostaítear in larscríbhinn B de Phrótacal Kyoto agus na 39 tír le gealltanais chainníochtaithe do theorannú astaíochtaí nó laghdú astaíochtaí. Tá forluí áirithe i gceist, áfach, mar gur sínitheoir é an tAontas Eorpach (AE-15) féin, agus tá na 15 tír a bhí ina mBallstáit AE tráth an ama sin, Éire ina measc, liostaithe chomh maith. (Féach Aguisín 1 le haghaidh sonraí breise).

7 Chinn an AE-15 leas a bhaint as scéim faoi Phrótacal Kyoto ar a tugadh “bolgán”, ina mbíonn spriocanna aonair ag tíortha agus comhcheanglaítear iad chun sprioc foriomlán amháin a thabhairt don ghrúpa tíortha sin (Airteagal 4).

8 Níor dhaingnigh na SA Prótacal Kyoto. Dá bhrí sin, tá an sprioc seo neamhbhaillí.

An tAontas Eorpach agus Prótacal Kyoto

Tá comhaontú inmheánach um chomhroinnt dualgas ag an AE-15 chun a sprioc maidir le laghdú astaíochtaí faoi 8 faoin gcéad a bhaint amach trí spriocanna éagsúla a leithdháileadh ar a Bhallstáit. Is í sprioc na hÉireann ná astaíochtaí nach mó ná 13 faoin gcéad os cionn leibhéil na bliana 1990 a bhaint amach. Is iad seo a leanas na sonraí le haghaidh an AE-15:

Spriocanna Astuithe Gás Ceaptha Teasa Kyoto

Tír	Sprioc do 2008-2012 trí thagairt do leibhéil na bliana 1990
An Ostair	-13%
An Bheilg	-7.5%
An Danmhairg	-21%
An Fhionlainn	0%
An Fhrainc	0%
An Ghearmáin	-21%
An Ghréig	25%
Éire	13%
An Iodáil	-6.5%
Lucsamburg	-28%
An Ísiltír	-6%
An Phortaingéil	27%
An Spáinn	15%
An tSualainn	4%
RA	-12.5%
AE-15	-8%

Chinn an tAE-15, mar chuid lárnach dá bheartas aeráide, scéim uile-Eorpach “teorannaithe agus trádála astaíochtaí” a chruthú i dteannta a chéile do na mórúidair truailithe – **Scéim an Aontais Eorpaigh maidir le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS)**. Faoin scéim, déantar rialú ar astaíochtaí carbóin de chuid thart ar 11,000 suiteáil ar fud an AE. Glacann breis agus 100 suiteáil Éireannach páirt sa scéim.

An tAontas Eorpach agus Prótacal Kyoto [Ar lean]

Astaíochtaí an AE

EARNÁIL TRÁDÁLA

Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí

46% d'astaíochtaí CO₂ an AE

- Suiteálacha dócháin >20MW output
- Iarann agus cruach
- Scaglanna ola
- Stroighin, aol, gloine, ceirmeacht
- Laíon / páipéar

EARNÁIL NEAMHTRÁDÁLA

54% d'astaíochtaí CO₂ an AE

- Cónaitheach
- Iompar
- Talmhaíocht, s.r.l.

Is í an scéim seo an scéim trádála astaíochtaí ilnáisiúnta is mó ar domhan. Cuireann sí teorainn le leibhéal na n-astaíochtaí ó shuiteálacha ar leith. Eisítear lamháltas do shuiteálacha – **Lamháltas an Aontais Eorpaigh (EUAanna)** - a cheadaíonn dóibh astaíochtaí go dtí an leibhéal sin a astú. Sa mhéid go n-astaíonn suiteálacha níos mó astaíochtaí ná a gcuid lamháltas, caithfidh siad creidmheasanna a cheannach. Féadfaidh siad siúd a astaíonn níos mó lú ná a gcuid lamháltas an barrachas a dhíol. Don tréimhse 2008–2012, leithdháiltear na lamháltas ar shuiteálacha de réir tíre ag brath ar Phlean foriomlán Leithdháileacháin Náisiúnta de chuid gach tír.

Sa tréimhse i ndiaidh 2012, roinnfear na lamháltas de réir earnála san EU ETS agus ní bheidh aon phleananna leithdháileacháin náisiúnta ann. Áireofar aerlínte san EU ETS ó 1 Eanáir 2012.

Leis an moilliú i ngeilleagar na hEorpa, tá laghdú tagtha ar astaíochtaí carbóin i measc bhail an EU ETS. Le linn 2009 bhí sé soiléir go mbeadh barrachas EUAanna ag an EU ETS don tréimhse go dtí 2012⁹. Léiríodh é seo i suirbhé Point Carbon¹⁰ a foilsíodh ar an 3 Márta 2010 inar luaigh 28% d'fhaighteoirí an tsuirbhé seo go mbeadh barrachas EUA ag a gcuideachta sa tréimhse 2008-2012. Tá sé seo i gcodarsnacht le 15% d'fhreagróirí in 2008 a mheas go mbeadh barrachas acu sa tréimhse. Tá éileamh fós ann san earnáil chumhachta/teasa le haghaidh EUAanna agus tá laghdú suntasach tagtha ar astaíochtaí carbóin na n-earnálacha stroighne/aoil/gloine agus páipéir/lain.

In Éirinn tá laghdú tagtha ar astaíochtaí san earnáil trádála freisin. Léiríonn sonraí a chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)¹¹ faoi bhráid an Choimisiún AE gurb ionann astaíochtaí fíoraithe gás ceaptha teasa do na blianta 2008, 2009 agus 2010 le haghaidh cuideachtaí in Éirinn arna gclúdach ag an EU ETS agus 54.96 Mt CO_{2e}, i gcomparáid leis an Leithdháileadh iomlán ETS de 66.84 Mt CO_{2e}. Léiríonn an leibhéal astaíochtaí seo, atá níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis, déine an mhoillithe ar ngeilleagar. Ba chóir a shonrú nár leithdháileadh an 66.84 Mt CO_{2e} iomlán a leithdháileadh ar an ETS do ghnólachtaí. Coinníodh méid áirithe siar i gcónaí sa chás go mbeadh "Iontrálaithe Nua"¹² san EU ETS. Mura n-úsáidtear leithdháileadh iomlán na "nIontrálaithe Nua" sa tréimhse 2008-2012, rachaidh na haonaid ar ais go dtí an Stát.

9 De bharr barrachais EUAanna i gcéad chéim tástála an AE ETS go 2008, cliseadh a bpraghas ach ní dócha go dtarlóidh sé sin an uair seo toisc gur féidir barrachas ar bith a chur sa bhanc le húsáid sa tréimhse iar-2010.

10 Féach: <http://www.pointcarbon.com/research/carbonmarketresearch/analyst/1.1414367>

11 Féach: <http://www.epa.ie/downloads/pubs/air/airemissions/name,30810,en.html>

12 Ciallaíonn "Iontrálaithe Nua" gnólachtaí a cuireadh ar bun i ndiaidh tús na scéime agus atá faoi réir an EU ETS. Coinníodh méid áirithe den leithdháileadh siar le leithdháileadh ar na gnólachtaí sin, ionas nach mbeidís faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le gnólachtaí a bhí ann cheana.

Straitéis na hÉireann maidir le Prótocal Kyoto a Chomhlíonadh

Leagadh amach straitéis na hÉireann chun a sprioc Kyoto um astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007–2012*, a foilsíodh in Aibreán 2007.¹³

Is í sprioc na hÉireann faoi Phrótocal Kyoto ná teorainn a chur le meán-astaíochtaí bliantúla sa tréimhse 2008–2012 go 13 faoin gcéad os cionn an mheastacháin bhonnlíne de 55.60 milliún tona de choibhéis CO₂.¹⁴ Dá réir sin, is ionann teorainn iomlán astaíochtaí na hÉireann don tréimhse 2008–2012 agus 314.180 milliún tona, nó 62.836 milliún tona ar an meán in aghaidh na bliana. Measadh go mbeadh laghdú de thuairim is 8 milliún tona in aghaidh na bliana ar astaíochtaí mar gheall ar bhearta a glacadh cheana. In éagmais beartas agus beart breise, áfach, réamh-mheasadh go sáródh Éire a cuid oibleagáidí Kyoto faoi 8.4 milliún tona astaíochtaí ar an meán gach bliain.

Déanann an tábla seo a leanas achoimre ar na bearta a mbainfear úsáid astu chun sprioc Kyoto na hÉireann, a bhfuil cur síos déanta uirthi sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007–2012*, a bhaint amach:¹⁵

	Meán Bliantúil, 2008-2012 (Milliún Tona de choibhéis CO ₂)
Sprioc Kyoto	62.8
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Réamh-mheasta i ndiaidh éifeachtaí na mbearta a glacadh cheana.	71.2
An fad go Sprioc Kyoto	8.4
Bearta breise le Sprioc Kyoto a bhaint amach	
(1) Laghdú ar astaíochtaí ag:	
(a) Rannpháirtithe Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí	0.9
(b) Earnáil neamhthradála an gheilleagair (lena n-áirítear bearta breise)	1.9
(2) Ceannach lamháltas agus creidmheasanna (nó laghduithe eile) ag:	
(a) Rannpháirtithe Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí	2.0
(b) An Rialtas	3.6
	8.4

Ainmníodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar ghníomhaire ceannaigh don Stát i ngnóthú na gcreidmheasanna riachtanacha de 3.6 milliún tona d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an meán maidir le gach bliain den tréimhse 2008–2012, a ceannaíodh faoi Mheicníochtaí Solúbtha Phrótocal Kyoto.¹⁶ Measadh go raibh creidmheasanna de 18 milliún tona in iomlán ag teastáil don tréimhse sin.

Leis an athrú ar imthoisc eacnamaíoch na hÉireann, iarradh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2009 anailís íogaireachta a chur i bhfeidhm a d'fhéadfadh léiriú níos fearr a thabhairt ar an staid eacnamaíoch athraithe. Foilsíodh an anailís seo, atá bunaithe ar chás Suaite Eacnamaíoch de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), i Márta 2009¹⁷. In Aibreán 2011, d'fhoilsigh an EPA nuashonrú bhreise i *Réamh-mheastacháin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann 2010–2020* [Ireland's greenhouse gas emissions projections 2010–2020]¹⁸. Bhain sé de thátal as, faoin gcás laghdaithe is uailmhianaí, go laghdódh riachtanas an Rialtais maidir le creidmheasanna carbóin a cheannach go 1.3–1.6 milliún tona de choibhéis CO₂ in aghaidh na bliana le haghaidh gach bliana de na cúig bliana 2008–2012 i gcomparáid le 3.6 milliún tona in aghaidh na bliana a réamh-mheasadh sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide.

I bhfianaise na meastachán athbhreithnithe ar riachtanas an Rialtais creidmheasanna carbóin a cheannach, glacadh le cinneadh i bhFeabhra 2009 gan a thuilleadh creidmheasanna carbóin a cheannach go fóill.

13 Le haghaidh sonraí, féach ar an tuarascáil iomlán arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus atá ar fáil ar líne ag <http://www.environ.ie/en/Environment/Atmosphere/ClimateChange/NationalClimateChangeStrategy>

14 Riomhtar meastachán bonnlíne na hÉireann mar shuim na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin, meatáin agus ocsaíde nítríúla i 1990 mar aon le gás fhlúairínithe i 1995 [Foinse: Preasráiteas de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 15 Eanáir 2008].

15 Foinse: *Plean Náisiúnta Leithdháilte na hÉireann maidir le Trádáil Astaíochtaí 2008–2012*, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 4 Márta 2008.

16 Féach larscribhinn 3 den *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007–2012* in Aguisín 2

17 Féach : <http://www.epa.ie/news/pr/2010/april/name,28091,en.html>

18 Féach : <http://www.epa.ie/downloads/pubs/air/airemissions/name,30810,en.html>

Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2009

Ba ionann astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) in 2009 agus 62.39 Mt CO_{2e}, atá 8.0 % (5.42 Mt CO_{2e}) níos ísle ná an leibhéal astaíochtaí in 2008¹⁹. Leanann sé seo laghdú 0.3% in 2008.

Ba iad seo a leanas foinsí na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn in 2009:

Talmhaíocht	29.2%
Fuinneamh	21.0%
Iompar	21.0%
Tionscal agus Tráchtáil	14.8%
Cónaitheach	12.0%
Dramhaíl	2.0%

Léiríonn an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le 2008 an cor chun donais i ngníomhaíocht gheilleagrach in 2009 go príomha. Bhí na héifeachtaí le mothú go príomha san earnáil Thionsclaíoch agus Tráchtála áit ar laghdaigh astaíochtaí faoi 20.2% i gcomparáid le 2008 agus san earnáil Fuinnimh áit ar laghdaigh astaíochtaí faoi 10.8%.

Tá astaíochtaí iomlána náisiúnta na hÉireann do 2009 go díreach faoi bhun teorainn na hÉireann faoi Phrótocal Kyoto de 62.84 Mt CO_{2e}. Caithfear a choinneáil i gcuimhne, áfach, go bhfanann aon bharrachas i measc comhaltaí an EU ETS i seilbh na gcomhaltaí sin. Baineann an Ciste Carbóin leis na hearnálacha neamh-ETS agus, mar sin, is ionann an sprioc ábhartha agus an sprioc fhoriomlán lúide an leithdháileadh ar EU ETS²⁰ (62.84 – 22.28 = 40.46 Mt CO_{2e}). Ba ionann astaíochtaí neamh-ETS na hÉireann in 2009 agus 45.18 Mt CO_{2e}, agus mar sin fágadh bearna don sprioc²¹.



19 D'fhoilsigh GCC na meastacháin deiridh do 2009 an 11ú Aibreán 2011. Féach: <http://www.epa.ie/downloads/pubs/air/airemissions/Ireland's%20GHG%20Inventory%201990-2009.pdf>

20 Mar a luadh thuas, d'fhéadfaí roinnt aonad a thabhairt ar ais don Stát áfach, ón leithdháileadh ar "Iontrálaithe Nua" san EU ETS.

21 Féach Leathanach 3 d'Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2009 (EPA) ag <http://www.epa.ie/downloads/pubs/air/airemissions/Ireland's%20GHG%20Inventory%201990-2009.pdf>

Meicníochtaí Solúbtha

Cuid lárnach de Phrótacal Kyoto iad na Meicníochtaí Solúbtha mar gheall go bhfuil an buntáiste céanna don chomhshaol ag laghdúithe astaíochtaí is cuma cá laghdaítear iad. Dá bhrí sin, féadfaidh tíortha a gcuid spriocanna a bhaint amach trí ranníocaíochtaí a dhéanamh nó íoc as an laghdú ar astaíochtaí carbóin i dtíortha eile. Cuidíonn na meicníochtaí leis an gcostas is ísle chun astaíochtaí a laghdú a shainaithint agus mar sin an sprioc fhoriomlán a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh eacnamaíochta de. Cuireann siad chun cinn aistriú na teicneolaíochta is déanaí chuig tíortha i mbéal forbartha chomh maith.

Is iad seo a leanas na Meicníochtaí Solúbtha:

- (1) An **Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM)**, trínar féidir úsáid a bhaint as creidmheasanna gnóthaithe ó urraíocht a dhéanamh ar thionscadail um laghdú astaíochtaí i dtíortha i mbéal forbartha d'fhonn oibleagáidí Kyoto na n-urraitheoirí a laghdú ina dtír féin. **Laghdúithe Astaíochtaí Deimhnithe (CERanna)** iad na creidmheasanna seo;
- (2) an **Mheicníocht um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach (JI)**, faoina gcuireann tír larscríbhinn B tionscadal i bhfeidhm i dtír eile atá luaite in larscríbhinn B.²² **Aonaid Laghdaithe Astaíochtaí (ERUanna)** iad na creidmheasanna a thuilltear sa tslí sin; agus
- (3) **Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí** trínar féidir le tíortha creidmheasanna carbóin a fháil ó thíortha eile a bhfuil a n-astaíochtaí faoi sprioc an Phrótacail. Is **Aonad den Mhéid Sannta (AAU)** é an t-aonad intrádála. Is iad **AAUanna** na haonaid a leithdháiltear ar gach Rialtas faoi Phrótacal Kyoto a léiríonn leibhéal iomlán na n-astaíochtaí atá ceadaithe do thír ar leith. Is lamháiltais astaíochtaí iad **Lamháiltais an Aontais Eorpaigh (EUAanna)** a leithdháiltear ar na suiteálacha a ghlacann páirt i Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí agus atá mar chuid den leithdháileadh foriomlán AAUanna do gach tír san AE-15.

Is ionann CERanna, ERUanna agus AAUanna agus tona amháin d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus féadfar iad a thabhairt ar ais i gcomhlíonadh oibleagáidí Phrótacal Kyoto. Tagraítear dóibh seo ar fad mar Aonaid Kyoto chun críocha an Achta um an gCiste Carbóin 2007.

Bhí inní ann gurb í an éifeacht a bheadh ag na Meicníochtaí Solúbtha ná go dtabharfaí cead do thíortha tionsclaíochta "an ceart a bheith i mbun truaillithe a cheannach". Tugadh aghaidh ar an inní seo i gComhaontuithe Marrakesh in 2001 a leag amach na rialacha chun Prótacal Kyoto a chur i bhfeidhm. De réir na rialacha seo, ní mór na Meicníochtaí Solúbtha a úsáid chun cur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag gach tír chun a cuid astaíochtaí féin a laghdú. Ní cheadaítear do thíortha, mar sin, úsáid a bhaint as na meicníochtaí ach amháin nuair a mheasann **Coiste Comhlíonta Phrótacal Kyoto** go bhfuil a bpleananna náisiúnta i ndáil le sprioc Kyoto a bhaint amach agus forfheidhmiú na bpleananna sin sásúil.²³

Léiríodh inní chomh maith faoin gcaoi a bhféadfaí a chinntiú go raibh na tionscadail éagsúla ag laghdú astaíochtaí go fírinneach. Bunaíodh roinnt comhlachtaí NA chun a chinntiú go bhfuil aon aonaid a cruthaíodh faoi na Meicníochtaí Solúbtha ag léiriú astaíochtaí á laghdú go fírinneach agus ag gineadh "breisíochta", .i. nach mbeadh tabhaithe gan na tionscadail. Mar shampla, bainistíonn **Bord Feidhmiúcháin CDM** an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM). Caithfidh Bord Feidhmiúcháin CDM gach tionscadal, agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun laghdúithe astaíochtaí a leanann de thoradh an tionscadail a ríomh, a fhaomhadh. Déantar monatóireacht ar thionscadail mar a fhorbraíonn siad agus déanann **Bord Feidhmiúcháin CDM** na laghdúithe astaíochtaí deiridh a dheimhniú freisin. Ní féidir aonaid laghdúithe astaíochtaí a úsáid chun críocha riachtanas faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh go dtí go n-eisíonn Bord Feidhmiúcháin CDM deimhnithe ar aonaid laghdúithe astaíochtaí a baineadh amach go fírinneach. Déanann comhlacht comhchosúil, an **Coiste Maoirseachta um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach (JISC)**, maoirseacht ar aonaid a ghintear faoin meicníocht JI.

22 Féach Fonóta 6 agus Aguisín 1 le haghaidh sonraí ar thíortha larscríbhinn.

23 Féach http://unfccc.int/kyoto_protocol/compliance/items/2875.php le haghaidh níos mó sonraí agus samplaí do bhreitheanna le déanaí.

An Margadh de réir Aonad Solúbtha Meicníochta

As na Meicníochtaí Solúbtha, is é an ceann is mo forbartha ná an margadh CDM áit a bhfuil 3,176 tionscadal cláraithe amháil Meitheamh 2010²⁴ (i gcomparáid le 2,246 tionscadal cláraithe amháil lár na Bealtaine 2010). Mar thoradh ar líon na dtionscadal CDM, tá níos mó soiléireachta maidir leis na modheolaíochtaí agus na nósanna imeachta atá le leanúint d'fhonn CERanna a eisiúint. Dhiúltaigh Bord Feidhmiúcháin CMD CERanna a eisiúint nuair nach raibh sé sásta go raibh an plean monatóireachta i gcomhréir leis an mhodheolaíocht faofa.²⁵


Méadaíodh líon na CERanna a eisíodh le blianta beaga anuas. Faoi lár 2009, bhí 288m CER eisithe agus faoi lár 2010 bhí méadú tagtha ar seo go 420 milliún CER. I Meitheamh 2011, tá níos mó ná 642.5 milliún CER ginte ag na 3,176 tionscadal CDM faofa, agus réamh-mheastar go nginfear 1.36 billiún CER breise sa tréimhse go dtí 2012.²⁶ I gcomparáid leis sin, meastar go n-eiseoidh tionscadail JI 196m ERU sa tréimhse go dtí 2012. Is ionann eisiúint iomlán ERU go dtí seo agus 43m aonad²⁷.

Mar a léirítear sna cairteanna seo a leanas, cé go bhfuil scaipeadh réasúnta leathan de thionscadail CDM i measc na dtíortha áichta, tá na tionscadail níos mó sa tSín den chuid is mó. Is í an tSín an fhoinsé CERanna is mó go dtí seo agus táthar ag súil go bhfanfaidh san scéal mar atá.²⁸


Pointe spéisiúil freisin is ea gurb í an príomhearnáil lena mbaineann tionscadail chláráithe ná an earnáil Leictreachais, agus nach bhfuil tionscadail ar bith in earnálacha cosúil leis an Earnáil Tógála agus Dáilte Fuinnimh. Léargas é seo ar an deacracht a bhaineann le feabhas ar astaíochtaí in roinnt earnálacha a fhíorú. Tá miondealú iomlán ar na tionscadail éagsúla de réir earnála le fáil sa chairt seo a leanas.

Féadfar CERanna a fháil trí infheistiú go díreach i dtionscadail, nó i gcistí a dhéanann infheistíocht i dtionscadail, nó trí CERanna a cheannach atá eisithe agus deimhnithe cheana féin ag Bord Feidhmiúcháin CDM. Bíonn riosca ag baint le hinfeistiú a dhéanamh i dtionscadal go luath san fhorbairt ó tharla go mb'fhéidir nach gceadófaí an tionscadal nó go bhféadfadh an líon aonad deimhnithe a ghintear ón tionscadal a bheith níos lú ná mar a raibh súil leis. D'fhonn na rioscaí sin a laghdú, tá infheistíocht déanta ag Éire i dtír chiste a úsáideann saineolas an Bhainc Dhomhanda agus an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD) le hinfeistiú i roinnt tionscadal.

CERanna eisithe ag an bpáirtí áichta²⁹



Eisiúint ionchais na CERanna ag an bpáirtí áichta



24 Foinse: <http://cdm.unfccc.int/>

25 Féach láithreán gréasáin na NA <http://cdm.unfccc.int/Issuance/index.html> le haghaidh a thuilleadh sonraí


26 Foinse: <http://cdm.unfccc.int/Statistics/index.html>

27 Foinse: Achoimre Point Carbon ar CDM-JI 2011-06-20

28 Tugann an léarscáil idirghníomhach ar láithreán gréasáin CDM na NA sonraí ar shuíomh agus ar nádúr na dtionscadal CDM. Féach <http://cdm.unfccc.int/Projects/MapApp/index.html>

29 Foinse na gCairteanna: UNFCCC

Leithdháileadh na ngníomhaíochtaí tionscadail cláraithe de réir scóipe



Maoiniú le haghaidh Ceannach Creidmheasanna Carbóin

Is é an Lárchiste a sholáthraíonn airgead don Chiste Carbóin le creidmheasanna carbóin a cheannach. Déanfar soláthar i Vóta Bliantúil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil aisíocaíocht a dhéanamh leis an Lárchiste.

Sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013* chuir an Rialtas €270 milliún ar leataobh chun creidmheasanna carbóin a cheannach i rith tréimhse gealltanais Kyoto 2008–2012. Áirítear é seo sa bhreis ar infheistíocht tosaigh de €20 milliún in 2006.



Infheistíochtaí ag Éire

Tá infheistíocht déanta ag an Rialtas i dtí chiste a dhéanann infheistíocht i dtionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí carbóin a laghdú. Rinneadh an chéad infheistíocht de €20 milliún i mí na Nollag 2006³⁰ i **gCiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin (MCCF)**³¹ an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD). Rinneadh dhá ghealltanais breise de €10 milliún agus \$12.88 milliún (thart ar €9.3 milliún) do **Chiste Carbóin an Bhainc Dhomhanda don Eoraip** agus do **Chiste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda in Eanáir 2007**.

Bhunaigh an EBRD an Ciste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin (MCCF) i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) i mBealtaine 2006. Is é atá mar aidhm leis an gciste ná *“tionscadail fíor-riachtanacha um choigilt fuinnimh a chur chun cinn i dtíortha EBRD agus ag an am céanna cabhrú leis na tíortha sin agus le cuideachtaí corparáideacha creidmheasanna carbóin a cheannach d’fhonn a gcuid spriocanna laghduithe astaíochtaí a chomhlíonadh”*.³² Tá tionscadail ar bun sna 27 tír EBRD i lár agus in oirthear na hEorpa agus i gComhlathas na Stát Neamhspleách.³³ Tá an €20 milliún iomlán a bhí geallta íochta anois leis an EBRD. Úsáideann an ciste meicníochtaí solúbtha JI agus CDM araon. In 2010, seachadadh 4,548 ERU agus 1,630,435 aonad AAU ó Chiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin EBRD.

Tá an Ciste Carbóin don Eoraip á bhainistiú ag an mBanc Dhomhanda agus ag an EIB, agus seoladh an ciste seo i Márta 2007. Faigheann an ciste seo, atá dírithe ar infheistíochtaí a fháil ó Bhallstáit an AE, creidmheasanna laghdaithe gáis cheaptha teasa thar ceann na rannpháirtithe trí úsáid a bhaint as saineolas agus taithí an Bhainc Dhomhanda agus píblíne mhór tionscadail an

EIB i dtíortha i mbéal forbartha. Is iad rannpháirtithe an chiste seo ná Éire, Lucsamburg, an Phortaingéil, Réigiún Pléimeannach na Beilge agus Statkraft Carbon Invest AS (An Iorua). As an €10 milliún a gealladh don Chiste seo, tá €4.1 milliún íochta sa tréimhse ó bunaíodh an ciste go dtí an 31 Nollaig 2010. Chomh maith leis sin, seachadadh 200,000 AAU ó infheistíochtaí faoi Chiste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda don Eoraip in 2010.

Is ciste de chuid an Bhainc Dhomhanda é an Ciste Bithcharbóin a bhfuil sé mar aidhm leis laghduithe astaíochtaí a bhaint amach agus ag an am céanna bithéagsúlacht, caomhnú agus maolú bochtaineachta a chur chun cinn. Seo a leanas aidhmeanna an Chiste:

- a) acmhainní a sholáthar do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo
 - (i) astaíochtaí a laghdú; agus
 - (ii) léargas a thabhairt ar an tslí a d’fhéadfadh gníomhaíochtaí talamhúsáide agus foraoiseachta buntáistí breise a chruthú ar féidir a thomhas, a mhonatóiriú agus a dheimhniú, agus cur le forbairt inbhuanaithe na dtíortha áochta;
- b) iarracht a dhéanamh roinnt chothrom a chinntiú idir na rannpháirtithe agus na tíortha áochta d’aon bhuntáistí, lena n-áirítear aon laghduithe ar astaíochtaí, a eascraíonn ó na tionscadail; agus
- c) an t-eolas a bhaillítear i rith fhorbairt an Chiste agus forfheidhmiú na dtionscadal a scaipeadh.

30 Bhí sé seo i gceist sular bunaíodh Ciste Carbóin na hÉireann de réir an Achta um an gCiste Carbóin 2007. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as an infheistíocht a riaradh.

31 Tá an Banc Eorpach Infheistíochta i gcomhpháirtíocht le EBRD chun an MCCF a bhainistiú; is le EBRD amháin atá comhaontú ag Éirinn.

32 Athfhríol ó Uachtarán EBRD Jean Lemierre ag seoladh an Chiste ar an 22 Bealtaine 2006.

33 Is é Comhlathas na Stát Neamhspleách an eagraíocht idirnáisiúnta ar a bhfuil 11 iarpoblacht Sóivéide: An Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Chasacstáin, an Chirgeastáin, an Mholdóiv, an Rúis, an Táidsíceastáin, an Úcráin agus an Úisbéiceastáin.

Tá Éire tiomanta do US \$12.88 milliún (€9.5m) a infheistiú sa dara tráinse den Chiste Bithcharbóin a chuir tús le hoibríochtaí i Márta 2007 agus ag a bhfuil caipiteal iomlán de US \$28.6 milliún. Íocadh breis agus €3.3 milliún den ghealltanas seo ó cuireadh tús leis an gciste go dtí an 31 Nollaig 2010. Faoi láthair tá tionscadail ar bun sa Bhrasaíl, sa tSile, sa tSín, san India, sa Mholdóiv, sa Chongó, in Oileán na Tríonóide agus Tobága, agus i Uganda³⁴.

Bunaithe ar na réamh-mheastacháin coigeartaithe de réir riosca a fuarthas ó na Bainisteoirí Cistí, tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag súil go gcruthóidh cistí an Bhainc Dhomhanda agus an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha 3 milliún Aonad Kyoto sa tréimhse idir 2008-2012.

In 2008, thosaigh an NTMA ar aonaid charbóin a cheannach. Cinneadh CERanna a cheannach de bhrí gurbh é an margadh is forbartha agus is trédhearcaí a bhain leis na haonaid seo. Bhí sonraí maidir leis na ceannacháin in 2008 le fáil i dTuarascáil an Chiste Carbóin 2008. Go luath in 2009, ceannaíodh 0.9 milliún aonad carbóin breise. Ó tharla na moille ar an ngeilleagar in Éirinn agus an meastachán athbhreithnithe a rinneadh ar riachtanas na hÉireann creidmheasanna carbóin a cheannach, cinneadh ceannach creidmheasanna a chur ar athlá go fóill. Dá bhrí sin, níor ceannaíodh aon chreidmheas carbóin ó thús mhí na Feabhra 2009. Tríd is tríd, bhí 21 trádáil ann ina ndeachaidh Éire i mbun conartha chun 5.255 milliún CER a cheannach ag meánphraghas €14.03 (gan CBL san áireamh).

34 Tá a thuilleadh sonraí le fáil ag <http://wbcarbonfinance.org/Router.cfm?Page=BioCF&FID=9708&ItemID=9708&ft=ProjectsT2>



Aguisín 1

Tíortha de chuid Phrótacal Kyoto luaite in Iarscríbhinn B

Páirtí

Gealltanús cainníochtaithe do theorannú astaíochtaí nó laghdú astaíochtaí, léirithe mar chéatadán astaíochtaí sa bhonnbhliain 1990

An Astráil	108
An Ostair*	92
An Bheilg*	92
An Bhulgáir*	92
Ceanada	94
An Chróit*	95
Poblacht na Seice*	92
An Danmhairg*	92
An Eastóin*	92
An tAontas Eorpach (AE-15)	92
An Fhionlainn*	92
An Fhrainc*	92
An Ghearmáin*	92
An Ghréig*	92
An Ungáir*	94
An Íoslainn	110
Éire*	92
An Iodáil*	92
An tSeapáin	94
An Laitvia*	92
Lichtinstéin	92
An Liotuáin*	92
Lucsamburg*	92
Monacó	92
An Ísiltír*	92
An Nua-Shéalainn	100
An Iorua	101
An Pholainn*	94
An Phortaingéil*	92
An Rómáin*	92
Cónaidhm na Rúise*	100
An tSlóvaic*	92
An tSlóivéin*	92
An Spáinn*	92
An tSualainn*	92
An Eilvéis	92
An Úcráin*	100
An Ríocht Aontaithe*	92
Stáit Aontaithe Mheiriceá (neamhbhainteach)	93

* Tíortha, a bhí san iar-bhloc Sóivéadach tráth, agus i mbun an aistriú chuig geilleagar margaidh.

+ Tá sonraí maidir leis an gcomhaontú comhroinnte dualgas ag tíortha an AE-15 le fáil ar leathanach 5.

Aguisín 2

Iarscríbhinn 3 den *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012*: Arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2007)

Iarscríbhinn 3 – Beartas náisiúnta do cheannach Aonad Kyoto ag an Stát

CREAT BEARTAIS NÁISIÚNTA DO CHEANNACH AONAD KYOTO AG AN STÁT CHUN CRÍCHE PRÓTACAL KYOTO A CHOMHLÍONADH SA TRÉIMHSE GEALLTANAIS 2008-2012

Réamhrá

Leagtar amach sa cháipéis seo na socruithe institiúide agus an comhthéacs beartais ina mbeidh go leor Aonad Kyoto³⁵ á gceannach ag Éire a chuirfidh ar a cumas a sprioc teorannaithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh chun críche Phrótacal Kyoto sa tréimhse gealltanais 2008-2012.

Cúlra

Chun críche Phrótacal Kyoto, tá Éire tiomanta do mheánleibhéal astaíochtaí bliantúla gás ceaptha teasa a theorannú sa tréimhse 2008-2012 go dtí 13% os cionn leibhéil na bliana 1990.

Féadfaidh rannpháirtithe i bPrótacal Kyoto a gcuid spriocanna féin a chomhlíonadh trí ghníomhaíochtaí intíre agus úsáid a bhaint as na Meicníochtaí Solúbtha mar atá sonraithe sa Phrótacal. Éilítear de réir an Phrótacail seo go mbeadh na Meicníochtaí Solúbtha in úsáid sa bhreis ar ghníomhaíochtaí intíre.

Tá creat beartais náisiúnta le dul i ngleic le laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* lena chinntiú go gcomhlíonann Éire a sprioc de réir Phrótacal Kyoto.

Chinn an Rialtas go mbainfidh sé úsáid as Meicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto chun suas le 3.607 milliún Aonad Kyoto a cheannach do gach bliain idir 2008-2012. Déanfar athbhreithniú ar an riachtanas seo bunaithe ar réamh-mheastacháin a dhéanfar amach anseo agus ar thionchar aon bhearta breise a mbeidh sé mar aidhm leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Meicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto

Príomhghné de Phrótacal Kyoto ba ea trí Mheicníocht Sholúbtha a bhunú agus é mar aidhm leo na costais fhoriomlána a bhaineann le laghdúithe astaíochtaí a chinntiú do na Páirtithe sin a bhfuil spriocanna laghdaithe nó teorainneacha astaíochtaí acu a laghdú. Tá níos mó sonraí maidir leis na meicníochtaí sin – Cur Chun Feidhme ar bhonn Comhpháirteach, an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta agus Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí – le fáil anseo thíos. Cuireann na meicníochtaí seo ar chumas na bPáirtithe Aonaid Kyoto a cheannach ó Páirtithe eile nó infheistiú a dhéanamh i ndeiseanna costéifeachtacha chun astaíochtaí a laghdú nó chun ceapadh a mhéadú trí thionscadail i dtíortha eile. Ainneoin go bhfuil éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa chostas a bhaineann le hastaíochtaí a laghdú i dtionscadail agus i dtíortha éagsúla, tá an fonn atá ar rannpháirtithe astaíochtaí a theorannú mar a chéile beag beann ar an áit atá i gceist.

Cuireann Cur Chun Feidhme ar bhonn

Comhpháirteach (JI): dá bhforáiltear faoi Airteagal 6 den Phrótacal, ar chumas Páirtithe a bhfuil gealltanais laghdaithe nó ar chumas infheisteoirí príobháideacha tionscadail a chur i bhfeidhm a laghdaíonn astaíochtaí i bPáirtithe eile a bhfuil gealltanais laghdaithe acu, mar mhalairt ar chreidmheasanna. Féadfaidh an Páirtí atá ag déanamh na hinfheistíochta nó aonán príobháideach na creidmheasanna a chruthaítear trí úsáid a bhaint as an mheicníocht JI a úsáid (go háirithe mar chuid de Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí) chun críche comhlíonta. Is Aonad Laghdúithe Astaíochtaí (ERU) é an t-aonad intrádála faoin meicníocht JI.

35 Creidmheas nó ceadúnas, arb ionann é agus tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin, eisithe de bhua Phrótacal Kyoto agus cinntí glactha de bhua Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus an Phrótacail. Is ionann creidmheas agus tona amháin de dhé-ocsaíd charbóin a bhfuiltear tar éis fáil réidh leis cheana féin. Is ionann ceadúnas agus an ceart chun an tona coibhéiseach de dhé-ocsaíd charbóin a astú am éigin amach anseo.

Aguisín 2 [Ar lean]

Cuireann Meicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM): dá bhforáiltear faoi Airteagal 12 den Phrótacal, ar chumas Páirtithe a bhfuil spriocanna acu páirt a ghlacadh i dtionscadail chun astaíochtaí a laghdú nó cur le ceapadh i measc na bPáirtithe sin nach bhfuil spriocanna ar bith acu faoin bPrótacal. Tá an mheicníocht dírithe go príomha ar thíortha i mbéal forbartha agus tá sé i gceist léi cabhrú leo forbairt inbhuanaithe a bhaint amach trí, mar shampla, rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí níos glaine nó níos tíosaí ar fhuinneamh. Féadfaidh an Páirtí infheistíochta nó an t-aonán príobháideach úsáid a bhaint as na creidmheasanna a chruthaítear trí úsáid a bhaint as meicníocht CDM chun críche comhlíonta. Is Laghdú Astaíochtaí Deimhnithe (CER) é an t-aonad intrádála faoin meicníocht CDM.

Cuireann Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí: dá bhforáiltear faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto,³⁶ ar chumas Páirtithe a bhfuil teorainn le haghaidh astaíochtaí gáis cheaptha teasa nó sprioc laghdaithe acu faoin bPrótacal Aonaid Kyoto a fháil ó na Páirtithe sin a bhfuil a gcuid astaíochtaí laghdaithe acu sa bhreis ar an sprioc atá sonraithe faoin bPrótacal. Is Aonad den Mhéid Sannta (AAU) é an t-aonad intrádála faoi thrádáil astaíochtaí.

Pointe Fócasach Náisiúnta le haghaidh JI agus Údarás Náisiúnta le haghaidh CDM

Tá dualgas ar Pháirtithe faoi Phrótacal Kyoto Pointe Fócasach agus Údarás Náisiúnta a ainmniú chun críche meicníochtaí JI agus CDM faoi seach. Faoi na Rialacháin um Shásraí Solúbtha Phrótacal Kyoto 2006 (I.R. 244 de 2006), tá an Gníomhaireacht um Chaomhú Comhshaoil ainmnithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar Phointe Fócasach agus mar Údarás Náisiúnta in Éirinn. Is é an ról a bheidh ag an nGníomhaireacht ná rannpháirtíocht na n-aonán príobháideach nó poiblí i ngníomhaíochtaí tionscadail JI nó CDM a fhaomhadh. Foilseoidh an Gníomhaireacht treoirínta ina sonrúfáir a chuid nósanna imeachta faoifa le haghaidh rannpháirtíochta ag aonáin Éireannacha i dtionscadail JI agus CDM. Beidh cinntí a dhéanfaidh an Gníomhaireacht maidir le tograí aonair chun páirt a ghlacadh i dtionscadail JI nó CDM críochnaitheach.

Ní mór faomhadh a lorg do thionscadail sa tír aíochta beartaithe freisin.

Clárlann a bhunú faoi Phrótacal Kyoto

De réir cinntí ar ghlac Páirtithe Phrótacal Kyoto leo, déantar foráil i Rialacháin 2006 (I.R. 244 de 2006) maidir le clárlann náisiúnta a bhunú agus an Gníomhaireacht um Chaomhú Comhshaoil a ainmniú mar riarthóir na clárlainne náisiúnta. Is í an fheidhm atá leis an gclárlann náisiúnta ná a chinntiú go bhfuil cuntasaiocht bheacht á déanamh ar eisiúint, sealbhaíocht, aistriú, fáil, cealú agus scor na nAonad Kyoto.

Gníomhaire Náisiúnta Ceannaigh

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta gníomhaire ceannaigh ainmnithe an Stáit agus beidh an Gníomhaireacht freagrach as ceannach na nAonad Kyoto a riaradh agus a bhainistiú thar ceann an Rialtais. Tá Ciste Carbóin ainmnithe curtha ar bun chuige seo.

Bunaíodh ról na Gníomhaireachta mar ghníomhaire ceannaigh ar bhonn reachtúil faoi Acht um an gCiste Carbóin 2007. Foráiltear san Acht go mbeidh an gníomhaire ceannaigh freagrach as na feidhmeanna ar fad a bhaineann le bainistiú an Chiste Carbóin a chur i gcrích, lena n-áirítear cuntasaiocht chúil ar chaiteachas ag féachaint do nósanna imeachta airgeadais poiblí, faoi réir treoirínta agus/nó treoir ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Maoiniú le haghaidh ceannach Aonad Kyoto

Is é an Lárchiste a sholáthraíonn maoiniú don Chiste Carbóin chun Aonaid Kyoto a cheannach, a bunaíodh faoi Acht 2007 freisin. Le linn an phróisis mheastacháin bhliantúil, déanfar foráil i Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun aisíocaíocht a dhéanamh leis an Lárchiste.

Tá €270 milliún ainmnithe ag an Rialtas le hinfheistiú i Meicníochtaí Solúbtha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Beidh sé an tsuim airgid seo sa bhreis ar infheistíocht tosaigh de €20m a rinneadh in 2006.

36 Ní mar a chéile trádáil astuithe faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto agus Scéim Trádála Astuithe an AE. Féadfar creidmheasanna ón JI nó CDM a úsáid sa Scéim, áfach, chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh go pointe áirithe, a shonrófar sa Phlean Náisiúnta Leithdháilte do gach Ballstát.

Creat le haghaidh ceannach Aonad Kyoto

Ceannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Aonaid Kyoto thar ceann an Stáit. Déanfar gach ceannach i gcomhréir leis na cuspóirí seo a leanas:

- go gcuireann siad le cuspóir deiridh Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, .i. cobhsú comhchruinnithe gás ceaptha teasa san atmaisféar ag leibhéal a chuirfeadh cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach sa chóras aeráide;
- go bhfuil riosca á mhaolú, go háirithe riosca a bhaineann le seachadadh tráthúil creidmheasanna; agus
- gurb ionann iad agus luach maith ar airgead.

Féadfaidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta na meicníochtaí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- Aonaid Kyoto a cheannach go díreach ó Pháirtithe Iarscríbhíne B eile Phrótacal Kyoto;
- infheistíocht dhíreach a dhéanamh i ngníomhaíochtaí tionscadail um chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach agus um mheicníocht glanfhorbraíochta;
- infheistíocht a dhéanamh i gcistí bainistithe; agus
- Aonaid Kyoto a cheannach go díreach ón margadh;

nó meascán de chuid acu seo nó iad uile, de réir a chinntiú go bhfuil na nithe seo a leanas i gcomhréir le cinní arna nglacadh ag Páirtithe Phrótacal Kyoto:

- go bhféadfar aon bharrachas d'Aonaid Kyoto atá fágtha ag an Stát ag deireadh na tréimhse gealltanais 2008-2012 a chur sa bhanc agus a úsáid i dtréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto nó aon chonradh a chuirtear i bhfeidhm ina dhiaidh sin; agus

- nach n-úsáideann Éire aonaid laghdaithe astaíochtaí nó laghdaithe astaíochtaí deimhnithe a gineadh ó áiseanna núicléacha, d'fhonn gealltanais Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh.

Féadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ag féachaint do na cuspóirí thuasluaite, páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe déthaobhacha ar mhaithe le hAonaid Kyoto a fháil de bhun Airteagal 17 den Phrótacal. Féadfaidh an tAire treoir a thabhairt do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Aonaid Kyoto a d'fhéadfadh a bheith ar fáil de bhun a leithéid sin de chomhaontuithe a cheannach.

Faoi réir treorach eile a fháil ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, féadfaidh an Ghníomhaireacht Aonaid Kyoto a dhíol má tá a leithéid riachtanach d'fhonn comhlíonadh na gcinntí ar glacadh leo de bhun Phrótacal Kyoto chun cuntas a thabhairt ar mhéideanna sannta faoi Airteagal 7, mír 4 den Phrótacal a chinntiú.

Clárófar gach Aonaid Kyoto a cheannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta sa chlárann náisiúnta a bheidh á bainistiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Coinneoidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuntas ar na hAonaid Kyoto a chuirtear sa chlárann náisiúnta d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh gealltanais na hÉireann chun críche Phrótacal Kyoto.

Is ionann an creat beartais seo agus treoir tosaigh ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Aibreán 2007

Gluais na dTéarmaí

AAUanna	féach Aonaid den Mhéid Sannta.
Breisíocht	Coincheap tábhachtach faoi Phrótacal Kyoto. Is ó thionscadail JI agus CDM amháin a eiseofar aonaid dheimhnithe sa chás gurb ionann laghduithe astaíochtaí agus “laghduithe sa bhreis ar a bheadh i gceist sa ghnáthchúrsa”.
Tíortha luaite in Iarscríbhinn B	Tíortha luaite in Iarscríbhinn B de Phrótacal Kyoto. Tá gealltanais chainníochtaithe do theorannú astaíochtaí nó laghdú astaíochtaí ag tíortha in Iarscríbhinn B (féach Aguisín 1).
Aonaid den Mhéid Sannta (AAUanna)	Is iad seo na haonaid a leithdháiltear ar gach tír in Iarscríbhinn B, arb ionann iad agus an leibhéal iomlán astaíochtaí a cheadaítear do thír faoi bPrótacal Kyoto.
Comhaontú Comhroinnte Dualgas	Comhaontú an AE-15 chun a gcuid oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh i dteannta a chéile trí úsáid a bhaint as an “mbolgán” a cheadaítear in Airteagal 4 den Phrótacal. Faoi théarmaí an chomhaontaithe comhroinnte dualgas, tá sprioc shonrach le haghaidh astaíochtaí carbóin ag gach Ballstát.
Bolgán	Comh-scéim do thíortha atá ceadaithe faoi Phrótacal Kyoto. Féach ar an gComhaontú Comhroinnte Dualgas.
CDM	Féach ar Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta.
Bord Feidhmiúcháin CDM (CDM EB)	Cláraíonn CDM EB gníomhaíochtaí tionscadail bailíochtaithe cosúil le tionscadail CDM, eisíonn sé Laghduithe Astaíochtaí Deimhnithe chuig rannpháirtithe ábhartha tionscadail agus bainistíonn sé sraith phainéal teicniúil agus cruinnithe grúpaí oibre. Tuairiscíonn sé do Chomhdháil na bPáirtithe faoi Phrótacal Kyoto.
CERanna	Féach ar Laghduithe Astaíochtaí Deimhnithe.
Laghduithe Astaíochtaí Deimhnithe (CERanna)	Creidmheasanna carbóin a tháirgtear tríd an Meicníocht Ghlanfhorbraíochta.
Meicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM)	Ceann de na Meicníochtaí Solúbtha atá ceadaithe faoi Phrótacal Kyoto. Cruthaíonn an Meicníocht Ghlanfhorbraíochta creidmheasanna carbóin trí urrú a dhéanamh ar thionscadail laghdaithe gás ceaptha teasa i dtíortha i mbéal forbartha.
Coibhéisí CO ₂	Sa chás go dtagraítear do gháis eile seachas CO ₂ , ar mhaithe le comparáid a dhéanamh déantar iad a thiontú ina gcoibhéisí i bPoitéinseal Téamh Domhanda (GWP) le CO ₂ .
Comhdháil na bPáirtithe (COP)	Is ardchomhlacht de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) é an COP a thagann le chéile gach bliain. Ba iad Comhaontuithe Marrakesh a bhí mar thoradh le COP7. Reáchtáladh an chomhdháil is déanaí, .i. COP16 i Cancun, Meicsiceo, Nollag 2010.
COP	Féach Comhdháil na bPáirtithe.
Aonaid Laghdaithe Astaíochtaí (ERUanna)	Creidmheasanna carbóin táirgthe tríd an Meicníocht um Chur chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach.
Aonaid Astaíochtaí	Is ionann na haonaid astaíochtaí ar fad faoi Phrótacal Kyoto agus tona amháin de Dhé-ocsaíd Charbóin astaithe.
Trádáil astaíochtaí	I gcomhthéacs Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí nó Meicníochtaí Solúbtha de chuid Prótacail Kyoto, tagraíonn sé seo do dhíol agus do cheannach lamhálas chun méid shonrach gáis cheaptha teasa a astú nó creidmheasanna arb ionann iad agus méid gáis cheaptha teasa atá astaithe cheana féin.
ERU	Féach na hAonaid Laghdaithe Astaíochtaí.

Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí	Scéim “Teorannaithe agus Trádála” laistigh den AE-15 le haghaidh na mórúidair truailithe.
EU ETS	Féach ar Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí.
EUAanna	Féach ar Lamháiltais an Aontais Eorpaigh.
Lamháiltais an Aontais Eorpaigh (EUAanna)	Leithdháiltear creidmheasanna ar chuideachtaí san EU ETS. Tagann na creidmheasanna seo ó AAUanna de chuid tír ar leith.
Meicníochtaí Solúbtha	Na Meicníochtaí Solúbtha dá bhforáiltear faoi Phrótacal Kyoto, .i. Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí, Cur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach agus an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta.
Poitéinseal Téamh Domhanda (GWP)	D’fhonn na gáis cheaptha teasa éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile, déantar astaíochtaí a ríomh thar gnáth-thréimhse ama ar mhaithe le tomhas maidir lena n-éifeacht choibhneasta teasa san atmaisféar a thabhairt. Go ginearálta úsáidtear tréimhse ama 100 bliain. Is é CO ₂ an bunaonad. Féach ar Fhonóta 1, leathanach 4.
An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)	Is comhlacht idir-rialtasach eolaíoch é ann IPCC a bhunaigh an Eagraíocht Mheitéareolaíoch Dhomhanda (WMO) agus Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP). Is é an fhoinsé údarásach eolaíoch maidir le trasnáocht dhaonna leis an gcóras aeráide domhanda. Láithreán Gréasáin: www.ipcc.ch
Loga na nIdirbheart Idirnáisiúnta (ITL)	Is é ITL an bunachar sonraí lárnach le haghaidh gach creidmheas intrádála faoi Phrótacal Kyoto agus bailíochtaíonn sé na hidirbhearta idirnáisiúnta ar fad agus a gcomhlíonadh le rialacha agus le beartais Kyoto.
IPCC	Féach ar an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.
JI	Féach ar Chur Chun Feidhme ar bhonn Comhpháirteach.
JISC	Féach ar an gCoiste Maoirseachta um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach.
Cur chun feidhme ar Bhonn Comhpháirteach (JI)	Meicníocht Sholúbtha a cheadaíonn astuithe a aistriú ó thír amháin larscríbhinn B go tír eile larscríbhinn B. Gineann JI creidmheasanna ar bhonn tionscadail laghdú astuithe ag laghdú astuithe go mór.
Comhchoiste Maoirseachta um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach (JISC)	Déanann an comhlacht seo maoirseacht ar fhíorú na ERUanna arna gcruthú ag tionscadail JI.
Prótacal Kyoto	An Prótacal leis an gCreat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide a comhaontaíodh i Kyoto, sa tSeapáin i mí na Nollag 1997 agus a tháinig i bhfeidhm ar 16 Feabhra 2005. Sonraítear ann oibleagáidí astaíochtaí le haghaidh tíortha larscríbhinn B agus sonraítear ann freisin trí Mheicníocht Sholúbtha Kyoto: JI, CDM, agus Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí.
Aonaid Kyoto	Aonad astaíochtaí atá cothrom le tona amháin CO ₂ astaithe.
Comhaontuithe Marrakesh	Áirítear sna comhaontuithe seo modúlachtaí agus nósanna imeachta mionsonraithe a bhaineann le réimeas beartais an athraithe aeráide idirnáisiúnta agus clúdaíonn siad prionsabail shuntasacha an aistrithe teicneolaíocha, cuntasáocht, agus cur i bhfeidhm Meicníochtaí Solúbtha s.rl.
Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (UNFCCC)	Bunaíodh UNFCCC i 1992 ag an gCruinniú Mullaigh i Rio de Janeiro. Is é seo an creat foriomlán atá mar bhonn le hidirbheartaíochtaí idirnáisiúnta aeráide a threorú. Is é an príomhchuspóir atá leis ná “comhchruinnithe gás ceaptha teasa san atmaisféar a chobhsú ag leibhéal a chuirfidh cosc ar thrasnáocht chontúirteach antrapaigineach (saorga) sa chóras aeráide”.



Ráitis Airgeadais an Chiste Carbóin

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

Clár na nÁbhar

Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta	24
Tuairiscan Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	25
Beartais Chuntasáíochta	26
Cuntas Ciste	28
Ráiteas na nGlansócmhainní	29
Nótaí a Ghabhann leis na Cuntais	30

Rátteas Maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta


Caithfidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) ráitis airgeadais a ullmhú faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 i ndáil le hoibríochtaí an Ciste Carbóin gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú:

- roghnaíonn an Gníomhaireacht beartais chuí chuntasaíochta agus ansin cuireann sé iad i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- déanann an Gníomhaireacht breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus ciallmhar;
- ullmhaíonn an Gníomhaireachtna ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí an bonn sin;
- nochtaíonn agus míníonn an Gníomhaireacht aon neamhchomhlíonadh sna caighdeáin chuntasaíochta infheidhme.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as coinneáil i bé foirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais na cuntais is cuí agus is gnách i dtaca lena feidhmiú maidir lena feidhmeanna tarmligthe deonaithe di faoin Acht um gCiste Carbóin. 2007. Ach an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a n-iarraidh, tabharfaidh an Gníomhaireacht na cuntais sin agus an t-eolas sin maidir le cuntais shonródh sé.

Tá an Gníomhaireacht freagrach freisin as a sócmhainní ar fad faoina rialú a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



John C. Corrigan
An Príomhfheidhmeannach

30 Meitheamh 2011

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur I Láthair Thithe an Oireachtais

An Ciste Carbóin

Táim tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste Carbóin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, na Beartaí Chuntasáíochta, an Cuntas Ciste, an Ráiteas Glansócmhainní agus na nótaí a bhaineann leo. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasáíochta a nGlactar leis Go Coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí an Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht)

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, deimhin a dhéanamh de go dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Chiste agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a dheimhniú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déanaim an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeán Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í agus dearbhú réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Cuimsíonn sé sin iniúchadh a dhéanamh orthu seo a leanas

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartaí chuntasáíochta feiliúnach do chúinsí an Chiste, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go himleor
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh le linn do na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaithe le haon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíríteis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin..

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir na gCleachtas Cuntasáíochta a nGlactar leo Go Coitianta in Éirinn, tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Chiste ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chúí coimeáda ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Nithe a mBíonn orm Tuairisc a dhéanamh orthu de réir Eisceachta

Déanaim tuairisc de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- Mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara san iniúchadh nach raibh airgead á úsáid do na cuspóirí a leagadh síos nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Chiste don bhliain inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- Sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a réachtáladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu de réir eisceachta.



John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2011

Beartais Chuntasaíochta

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 chun Aonaid Kyoto¹ a cheannach agus aon uirlisí nó sócmhainní eile den chineál sin thar ceann an Stáit chun oiblí eagaíidí athrú aeráide idirnáisiúnta a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún Creata na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide 1992 agus Prótacal Kyoto 1997 don Choinbhinsiún sin. Ainmníodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) mar ghníomhaireacht ceannacháin an Stáit agus déanfaidh sé Aonaid Kyoto a cheannach.

Féadfaidh an Gníomhaireacht na meicníochtaí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- Aonaid Kyoto a cheannach go díreach ó pháirtithe eile Phrótacal Kyoto
- infheistíocht dhíreach i dtionscadail Meicníochtaí Forbairt Ghlan agus cur-i-ngníomh comhoibrithe
- infheistíocht i gcisté bainistithe
- aonaid Kyoto a cheannach go díreach ar an margadh

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta a glacadh i ndáil leis an gCiste Carbóin:

Bunús an Ullmhúcháin

Réitíodh na ráitis airgeadais de réir an Achta um an gCiste Carbóin 2007 i bhformáid a cheadaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbheartaíochtaí agus ar ghlansócmhainní an Chiste Carbóin.

Tréimhse Tuairiscithe

Tá an tréimhse tuairiscithe ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2010. Tá an tréimhse tuairiscithe chomparáidigh le haghaidh 2009 ó 1 Eanáir 2009 go dtí 31 Nollaig 2009.

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an t-airgeadra tuairiscithe an euro, a léirítear leis an gcomhartha €.

Sócmhainní an Chiste Carbóin

Is é atá i gceist le Sócmhainní an Chiste Carbóin ná infheistíochtaí in a leanas:

Gabháltais Dhíreacha

Déantar na hAonaid Kyoto a cheannaítear a thairgeadh ag a gcostas éadála nuair a seachadaítear iad. Áirítear leis an gcostas éadála Cáin Breisluacha atá íoctha agus atá le híoc i ndáil le ceannach na nAonad Kyoto

Aonaid Kyoto Indíreacha

Infheistítear aonaid indíreacha i gcisté bainistithe. Taifeadtar na hinfeistíochtaí sna cisté seo ag costas ceannaigh. Baineann na hinfeistíochtaí le tionscadail a laghdaíonn carbón a d'fhéadfadh Aonaid Kyoto a tháirgeadh nó gan a tháirgeadh. Ní fios líon na n-aonad, má tá aon aonad, go dtí lá níos faide anonn nuair a chríochnaíonn na tionscadail.

Tá infheistíocht de €0 milliún déanta ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sa Chiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin Iltaobhach a bhunaigh an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Níl an infheistíocht sin ina cuid den chiste ach tá na haonad táirgite ag na tionscadail tugtha faoi san áireamh mar a mhínítear i Nóta 3(d).

¹ Sainmhínítear Aonad Kyoto san Acht um an gCiste Carbóin 2007 mar “aonad atá coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin arna eisiúint de bhun Phrótacal Kyoto agus na gcinntí arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin agus Phrótacal Kyoto”. Tugtar creidmheasanna carbóin ar Aonaid Kyoto go hiondúil. Leis an reachtaíocht féadfar Aonaid Kyoto a dhiúscairt i gcoinníollacha áirithe, i.e. “le toiliú an Aire [Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil] agus an Aire Airgeadais agus ar cibé téarmaí a shonróidh siad”.

Beartais Chuntasaíochta [*Ar lean*]

Gnóthachan agus Caillteanas ar Shócmhainní an Chiste Carbóin

Mar go bhfaightear na hAonaid Kyoto leis an rún iad a choinneáil chun oibleagáid na hÉireann a chomhlíonadh ag deireadh 2012, am a ngéillfear iad, ní beidh aon ghnóthachan nó caillteanas réadaithe ar na sócmhainní seo.

Cuntas Ciste

Déantar taifead sa Chuntas Ciste ar an ioncam carntha atá faighte nó le fáil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Déantar infheistíochtaí leanúnacha a maoiniú ar bhunús idirlinne ón gCiste Lárnach, ar feitheamh fáil an ioncaim sin.

Airgeadraí Coigríche

Aistrítear gach idirbheartaíocht in airgeadra coigríche go euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm lá na hidirbheartaíochta.


Cánachas

Tá ioncam agus brabúis an Chiste Carbóin díolmhaithe ó cháin chorparáideach na hÉireann. Tá na hAonaid Kyoto a cheannaíonn an Ciste Carbóin faoi dhliteanas Cáin Breisluacha mar go mbreathnaítear ar a leithéid d'idirbheart mar sholáthar seirbhíse, mar a sainmhíníodh é in Alt 5(1) den Acht Cánach Breisluacha 1972. Áirítear an CBL a dtabhaítear i gcostas éadála sócmhainní an Chiste Carbóin.

Cuntas Ciste

		An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 €	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 €
	Nótaí		
Ioncam	1	<u>1,405,838</u>	<u>28,560,318</u>
Méadú sa Chiste i rith na tréimhse		1,405,838	28,560,318
Glansócmhainní an Chiste ag tús na tréimhse		<u>95,603,677</u>	<u>67,043,359</u>
Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na tréimhse		<u>97,009,515</u>	<u>95,603,677</u>

Is dlúthchuid de na cuntais seo an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.



John C. Corrigan
An Príomhfheidhmeannach

30 Meitheamh 2011

Ráiteas na nGlansócmhainní



		31 Nollaig 2010 €	31 Nollaig 2009 €
	Nótaí		
Sócmhainní an Chiste Carbóin	3	<u>97,009,515</u>	<u>95,603,677</u>
Sócmhainní Reatha	5	<u>4,140,208</u>	<u>38,880,888</u>
Airgead sa Bhanc		-	-
Dliteanais Reatha	6	<u>(4,140,208)</u>	<u>(38,880,888)</u>
Glansócmhainní an Chiste amhail an 31 Nollaig		<u>97,009,515</u>	<u>95,603,677</u>

Is dlúthchuid de na cuntais seo an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

John C. Corrigan
An Príomhfheidhmeannach

30 Meitheamh 2011

Nótaí a Ghabhann leis na Cuntais

1. Ioncam

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 €	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 €
Ioncam ón Roinn Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil	<u>1,405,838</u>	<u>28,560,318</u>

Cuimsíonn ioncam an maoiniú a aisíocaigh an Roinn Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil leis an Chiste Carbóin chun freastal ar an gcaiteachas a dtabhaítear i rith na bliana.

2. Costais Riaracháin

Gearrtar costais riaracháin an Chiste Carbóin ar Chuntas Riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus ioctar iad as an gCiste Láir.

3. Sócmhainní an Chiste Carbóin

(a)	Achoimre ar Shócmhainní	2010	2009
		€	€
	Gabháltais Dhíreacha	89,573,025	89,573,025
	Gabháltais Indíreacha	<u>7,436,490</u>	<u>6,030,652</u>
		<u>97,009,515</u>	<u>95,603,677</u>
(b)	Anailís ar Airgeadra Éadála	2010	2009
		€	€
	Euro	93,673,025	93,673,025
	Dollar Mheiriceá	<u>3,336,490</u>	<u>1,930,652</u>
		<u>97,009,515</u>	<u>95,603,677</u>
(c)	Gabháltais Indíreacha :	2010	2009
		€	€
	Banc Domhanda – Ciste Carbóin don Eoraip	4,100,000	4,100,000
	Banc Domhanda – Ciste Bithcharbóin	<u>3,336,490</u>	<u>1,930,652</u>
		<u>7,436,490</u>	<u>6,030,652</u>

Nótaí a Ghabhann leis na Cuntais [Ar lean]

3. Sócmhainní an Chiste Carbóin (Ar lean)

(d) Gabhálas díreach:

Is 7,089,983 – 5,255,000 ceannaithe go díreach agus 1,834,983 ó sealúchais indíreacha (2009: 5,255,000 – ceannaithe ar fad go díreach) líon na gcreidmheasanna carbóin a seachadadh agus atá i dtaisce leis an gClárann Thrádáil Astuithe – Éire ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil amhail 31 Nollaig 2010. Baineann 1,634,983 aonad as an 7,089,983 i dtasice amhail 31 Nollaig 2010 le creidmheasanna a fuarthas tríd infheistíochtaí ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil roimh bhunú an Chiste Carbóin.

4. Ceangaltais

Infheistíochtaí Ciste Carbóin

Tá íocaíochtaí riartha ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta thar ceann an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i ndáil le cistí an Bhainc Dhomhanda. Baineann na hinfeistíochtaí sna cistí seo le tionscadail a d'fhéadfadh Aonaid Kyoto a shaothrú ach ní fios líon na n-aonad go dtí lá níos faide anonn nuair a chríochnaíonn na tionscadail.

Faoin 31 Nollaig 2009, b'ionann na gealltanais caipiteal neamhghlaoite i ndáil leis na hinfeistíochtaí seo agus:

Gealltanais lomlán an Stáit dáta

Ciste Banc Domhanda	Airgeadra Áitiúil	A chomhionann i Euro €	Íochta go dáta €	Ceangaltais neamh-mhaoinithe €
Ciste Carbóin don Eoraip	€10.00m	10,000,000	4,100,000	5,900,000
Ciste Bithcharbóin	US\$12.88m	9,544,167	3,336,490	6,207,677
		<u>19,544,167</u>	<u>7,436,490</u>	<u>12,107,677</u>

5. Sócmhainní Reatha

	2010 €	2009 €
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	<u>4,140,208</u>	<u>38,880,888</u>

Léiríonn an méid seo an méid atá le híoc ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis an gCiste Carbóin faoi Alt 3 (4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007.

Nótaí a Ghabhann leis na Cuntais [Ar lean]

6. Dliteanais Reatha

	2010	2009
	€	€
Lárchiste	1,405,838	36,146,518
Cáin Breisluacha iníoctha	-	2,734,370
NTMA	2,734,370	-
	<u>4,140,208</u>	<u>38,880,888</u>

Is i ndáil le réamhíocaíochtaí atá íoctha ag an Lárchiste don Chiste Carbóin atá dliteanas an Lárchiste agus aisíocfar é don Lárchiste nuair a bhfaighidh an Ciste Carbóin cistí ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

7. Páirtithe Gaolmhara

(a) An tAire Airgeadais

De réir Alt 3 den Acht um Chiste Carbóin 2007, is féidir leis an Aire Airgeadais suimeanna airgid a réamhíoc don Chiste Carbóin ón Lárchiste, suimeanna a chúiteoidh an Ciste Carbóin le hairgead a bheidh curtha ar fáil ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

(b) An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Faoi Alt 2(3) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, déanann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Ciste Carbóin a bhainistiú agus a rialú.

(c) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

De réir Alt 2(4) den Acht um Chiste Carbóin 2007, tarmligeann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil bainistíocht an Chiste Carbóin do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

De réir Alt 8 den Acht um Chiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil treoracha nó treoirínte a thabhairt do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i ndáil leis an gcaoi a gcomhlíonann sé na feidhmeanna atá tarmligthe nó bronnta uirthi faoin Acht.



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Áras an Chisteáin
Sráid na Canála Móire
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil: +353 1 664 0800

Facs: +353 1 664 0890

Idirlíon: www.ntma.ie

R-phost: info@ntma.ie

Tá an tuarascáil seo phríontáil ar pháipéar athchúrsáilte.